2023/2155

18.10.2023

RIALACHÁN CUR CHUN FEIDHME (AE) 2023/2155 ÓN gCOIMISIÚN

an 17 Deireadh Fómhair 2023

lena leasaítear Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2022/128 a mhéid a bhaineann le ceanglais tuairiscithe áirithe le haghaidh teachtaireachtaí maidir le CERT i bhfoirm leictreonach

TÁ AN COIMISIÚN EORPACH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh,

Ag féachaint do Rialachán (AE) 2021/2116 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 2 Nollaig 2021 maidir leis an gcomhbheartas talmhaíochta a mhaoiniú, a bhainistiú agus faireachán a dhéanamh air agus lena n-aisghairtear Rialachán (AE) Uimh. 1306/2013 ([1]), agus go háirithe Airteagal 92 de,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) Tá ról lárnach ag ceanglais tuairiscithe maidir le faireachán cuí ar an reachtaíocht agus forfheidhmiú ceart na reachtaíochta a áirithiú. Mar sin féin, tá sé tábhachtach na ceanglais sin a chuíchóiriú chun a áirithiú go gcomhlíonfaidh siad an cuspóir dár beartaíodh iad agus chun an t-ualach riaracháin a theorannú.

(2) Le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2022/128 ón gCoimisiún ([2]) leagtar síos rialacha maidir le cur i bhfeidhm Rialachán (AE) 2021/2116 a mhéid a bhaineann le grinnscrúdú ar idirbhearta *inter alia*.

(3) Leagtar síos le hAirteagal 48 de Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2022/128 rialacha maidir le modhanna cur isteach an phlean rialaithe le haghaidh grinnscrúdú agus an tuarascáil ghrinnscrúdaithe dá dtagraítear sa Airteagal sin a chur isteach. Ba cheart, dá bhrí sin, an ceanglas sin a shimpliú trí chóras faisnéise i gcomhréir leis an Teachtaireacht ón gCoimisiún maidir le 'Iomaíochas fadtéarmach an Aontais: níos faide ar aghaidh ná 2030' ([3]).

(4) Dá bhrí sin, ba cheart Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2022/128 a leasú dá réir.

(5) Tá na bearta dá bhforáiltear sa Rialachán seo i gcomhréir leis an tuairim ón gCoiste um na Cistí Talmhaíochta,

TAR ÉIS AN RIALACHÁN SEO A GHLACADH:

Airteagal 1

In Airteagal 48 de Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2022/128, cuirtear an méid seo a leanas in ionad mhír 2:

'2. An fhaisnéis a chuirfear isteach faoin Airteagal seo, déanfar í a chur in iúl i bhfoirm leictreonach trí chóras faisnéise.'

Airteagal 2

Tiocfaidh an Rialachán seo i bhfeidhm an 3ú lá tar éis lá a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

([1]) IO L 435, 6.12.2021, lch. 187.
([2]) Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2022/128 ón gCoimisiún an 21 Nollaig 2021 lena leagtar síos rialacha maidir le cur i bhfeidhm Rialachán (AE) 2021/2116 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le gníomhaireachtaí íocaíochta agus comhlachtaí eile, bainistíocht airgeadais, imréiteach cuntas, seiceálacha, urrúis agus trédhearcacht (IO L 20, 31.1.2022, lch. 131).
([3]) Teachtaireacht ón gCoimisiún chuig Parlaimint na hEorpa, chuig an gComhairle, chuig Coiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa agus chuig Coiste na Réigiún 'Iomaíochas fadtéarmach an Aontais: níos faide ar aghaidh ná 2030' — COM(2023) 168 final.

Beidh an Rialachán seo ina cheangal go huile agus go hiomlán agus beidh sé infheidhme go díreach i ngach Ballstát.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, an 17 Deireadh Fómhair 2023.

Thar ceann an Choimisiúin
An tUachtarán
Ursula VON DER LEYEN